RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/157 ÓN gCOIMISIÚN

an 23 Eanáir 2023

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2266 a mhéid a bhaineann leis an tagairt don deimhniú agus d'fhéindeimhniúchán táirgeoirí beaga neamhspleácha deochanna alcólacha sa doiciméad riaracháin leictreonach simplithe

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 92/83/CEE ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 1992 maidir le struchtúir na ndleachtanna máil ar alcól agus ar dheochanna alcólacha a chomhchuibhiú ([1]), agus go háirithe Airteagal 23a(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 23a(1) agus (2) de Threoir 92/83/CEE, ceanglaítear ar na Ballstáit deimhniú bliantúil a sholáthar, arna iarraidh sin, do tháirgeoirí beaga neamhspleácha atá bunaithe ar a gcríocha faoi seach, agus a cheadú do tháirgeoirí beaga neamhspleácha féindeimhniúchán a dhéanamh, lena ndeimhnítear táirgeacht bhliantúil iomlán na dtáirgeoirí chomh maith lena gcomhlíontacht leis na critéir a leagtar amach sa Treoir sin. Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2266 ón gCoimisiún ([2]) sonraítear an fhaisnéis atá le háireamh sa doiciméad riaracháin agus sa doiciméad simplithe tionlacain atá le tagairt a dhéanamh don deimhniú sin nó don fhéindeimhniúchán sin maidir le gluaiseacht earraí faoi Chaibidlí IV nó V de Threoir 2008/118/CE ón gComhairle ([3]).

(2) Cuireadh Treoir (AE) 2020/262 ([4]) in ionad Threoir 2008/118/CE le héifeacht ón 13 Feabhra 2023. An córas ríomhairithe dá dtagraítear in Airteagal 1 de Chinneadh (AE) 2020/263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) ('an córas ríomhairithe'), úsáidtear é faoi láthair chun maoirseacht a dhéanamh ar ghluaiseachtaí earraí máil faoi shocrú fionraí dleachta dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (6), de Threoir (AE) 2020/262. Le Treoir (AE) 2020/262 leathnaítear úsáid an chórais ríomhairithe chun maoirseacht a dhéanamh ar earraí máil a scaoiltear lena dtomhailt ar chríoch Ballstáit amháin agus a ghluaistear ansin go críoch Ballstáit eile chun iad a sheachadadh ansin chun críoch tráchtála mar a leagtar síos i gCaibidil V, Roinn 2, de Threoir (AE) 2020/262. Go dtí an 13 Feabhra 2023, tá feidhm ag Rialachán (CEE) Uimh. 3649/92 ón gCoimisiún ([6]) lena dtarlaíonn gluaiseachtaí den sórt sin faoi chumhdach an doiciméid shimplithe tionlacain, ar doiciméad é atá i bhfoirm pháipéir. Le héifeacht ón dáta sin, rinneadh Rialachán (CEE) Uimh. 3649/92 a aisghairm le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1636 ón gCoimisiún ([7]) agus tá na gluaiseachtaí sin le tarlú faoi chumhdach doiciméad riaracháin leictreonach simplithe arna chur isteach ag an gcoinsíneoir tríd an gcóras ríomhairithe a úsáid. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart, dá bhrí sin, tagairtí do Threoir (AE) 2020/262 a chur in ionad tagairtí i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2266 do Threoir 2008/118/CE agus ba cheart tagairtí don doiciméad simplithe tionlacain i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2266 a scriosadh ón dáta sin ar aghaidh.

([1]) IO L 316, 31.10.1992, lch. 21.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2266 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2021 lena leagtar síos rialacha chun Treoir 92/83/CEE ón gComhairle a chur i bhfeidhm a mhéid a bhaineann le táirgeoirí beaga neamhspleácha deochanna alcólacha a dheimhniú agus a fhéindeimhniú chun críocha dleachta máil (IO L 455, 20.12.2021, lch. 26).

([3]) Treoir 2008/118/CE ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir leis na socruithe ginearálta maidir le dleacht mháil agus lena n-aisghairtear Treoir 92/12/CEE (IO L 9, 14.1.2009, lch. 12).

([4]) Treoir (AE) 2020/262 ón gComhairle an 19 Nollaig 2019 lena leagtar síos na socruithe ginearálta maidir le dleacht mháil (IO L 58, 27.2.2020, lch. 4).

([5]) Cinneadh (AE) 2020/263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2020 maidir le ríomhairiú gluaiseachta agus faireacháin earraí máil (IO L 58, 27.2.2020, lch. 43).

([6]) Rialachán (CEE) Uimh. 3649/92 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 1992 maidir le doiciméad simplithe tionlacain le haghaidh gluaiseacht táirgí laistigh den Chomhphobal atá faoi réir dleachta máil agus a scaoileadh lena dtomhailt sa Bhallstát seolta (IO L 369, 18.12.1992, lch. 17).

([7]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1636 ón gCoimisiún an 5 Iúil 2022 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2020/262 ón gComhairle trí struchtúr agus inneachar na ndoiciméad arna malartú i gcomhthéacs ghluaiseacht na n-earraí máil a bhunú, agus lena mbunaítear tairseach i gcomhair na gcaillteanas mar gheall ar chineál na n-earraí (IO L 247, 23.9.2022, lch. 2).

(3) Leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 684/2009 ón gCoimisiún ([8]) struchtúr agus inneachar na ndoiciméad riaracháin leictreonach a mhalartaítear tríd an gcóras ríomhairithe, ar Rialachán é ar cuireadh Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1636 ina ionad le héifeacht ón 13 Feabhra 2023. Dá bhrí sin, ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart tagairtí do Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1636 a chur in ionad tagairtí i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2266 do Rialachán (CE) Uimh. 684/2009.

(4) Ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2266 a leasú dá réir sin.

(5) Ós rud é go mbeidh feidhm ag leathnú ar úsáid an chórais ríomhairithe a leagtar síos i dTreoir (AE) 2020/262 ón 13 Feabhra 2023 ar aghaidh, ba cheart cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur siar go dtí an dáta sin.

(6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Dhleacht Mháil,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2266 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheannteidil:

"*Airteagal 2*

'Tagairt don deimhniú sna doiciméid riaracháin le haghaidh gluaiseacht earraí máil';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na coda réamhráití:

'Chun críoch tagairt don deimhniú sna doiciméid riaracháin a luaitear in Airteagail 20, 26, 36 agus 38 de Threoir (AE) 2020/262 (*) ón gComhairle, is í seo a leanas an fhaisnéis atá le háireamh iontu, mar a leagtar amach i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2022/1636 (**) ón gCoimisiún í:

(*) Treoir (AE) 2020/262 ón gComhairle an 19 Nollaig 2019 lena leagtar síos na socruithe ginearálta maidir le dleacht mháil (athmhúnlú) (IO L 58, 27.2.2020, lch. 4).

(**) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1636 ón gCoimisiún an 5 Iúil 2022 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2020/262 ón gComhairle trí struchtúr agus inneachar na ndoiciméad arna malartú i gcomhthéacs ghluaiseacht na n-earraí máil a bhunú, agus lena mbunaítear tairseach i gcomhair na gcaillteanas mar gheall ar chineál na n-earraí (IO L 247, 23.9.2022, lch. 2).";

(2) Scriostar Airteagal 3;

(3) Leasaítear Airteagal 5 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheannteidil:

"*Airteagal 5*

Ceanglais le haghaidh chomhlánú na ndoiciméad riaracháin i gcás féindeimhniúcháin maidir le gluaiseacht earraí máil";

(b) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na coda réamhráití:

"Sna doiciméid riaracháin a luaitear in Airteagail 20, 26, 36 agus 38 de Threoir (AE) 2020/262, dearbhófar stádas na dtáirgeoirí beaga neamhspleácha i mbosca 17l, mar a leagtar amach i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1636, sna téarmaí seo a leanas: 'An táirge ar a bhfuil cur síos déanta arna tháirgeadh ag' agus ina dhiaidh sin, de réir mar is infheidhme, ceann de na téarmaí seo a leanas:";

([8]) Rialachán (CE) Uimh. 684/2009 ón gCoimisiún an 24 Iúil 2009 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2008/118/CE ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na nósanna imeachta ríomhairithe maidir le gluaiseacht earraí máil faoi fhionraí dleachta máil (IO L 197, 29.7.2009, lch. 24).

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Dearbhófar táirgeadh bliantúil deochanna alcólacha an táirgeora bhig neamhspleách i mbosca 17n den doiciméad riaracháin, mar a leagtar amach i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1636. Sonrófar an chainníocht i heictilítir, ach amháin i gcás alcóil eitile, ar i heictilítir d'alcól íon a shonrófar é.";

(4) Scriostar Airteagal 6.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 13 Feabhra 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Eanáir 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN